# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/42 ÓN gCOIMISIÚN

## an 8 Samhain 2021

## lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasteorainneacha náisiúnta agus le glan-uasteorainneacha le haghaidh íocaíochtaí díreacha i gcás Ballstáit áirithe i gcomhair na bliana féilire 2022

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíocht dhíreach le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(3) agus Airteagal 7(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, tá ar na Ballstáit méid na n-íocaíochtaí díreacha atá le deonú d'fheirmeoir i leith bliain féilire ar leith, de bhun Theideal III, Caibidil 1, den Rialachán sin, a laghdú faoi 5 % ar a laghad i gcás an chuid den tsuim atá os cionn EUR 150 000. I gcomhréir le hAirteagal 7(2) den Rialachán sin, táthar le toradh measta an laghdaithe sin a chur ar fáil mar thacaíocht bhreise do bhearta faoi fhorbairt tuaithe.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 11(6), an ceathrú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, thug na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin 1 Lúnasa 2021 maidir lena gcinneadh faoin laghdú ar mhéid na n-íocaíochtaí díreacha agus leis an toradh measta ar an laghdú i leith na bliana féilire 2022. Leis na fógraí a thug an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Iodáil, an Laitvia, an Ungáir, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóvaic agus an Fhionlainn luadh meastachán os cionn nialais.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1), an seachtú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, thug an Bheilg, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Ghréig, an Fhrainc, an Laitvia agus an Ísiltír fógra don Choimisiún faoin 1 Lúnasa 2021 maidir lena gcinneadh céatadán áirithe dá n-uasteorainn náisiúnta bhliantúil d'íocaíochtaí díreacha i leith na bliana féilire 2023 a chur ar fáil mar thacaíocht bhreise faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) sa bhliain féilire 2022.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 14(2), an seachtú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 thug an Chróit, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Pholainn agus an Phortaingéil fógra don Choimisiún faoin 1 Lúnasa 2021 maidir lena gcinneadh céatadán áirithe dá leithdháiltí CETFT 2023 a chur ar fáil mar íocaíochtaí díreacha i leith na bliana féilire 2022.

(5) Dá bharr sin, ní mór Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 a oiriúnú ionas go léireofar le huasteorainneacha náisiúnta agus glan-uasteorainneacha bliantúla le haghaidh íocaíochtaí díreacha na cinntí a dhéanfaidh an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Laitvia, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóvaic agus an Fhionlainn.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 a leasú dá réir.

(7) Ós rud é go ndéanann na leasuithe a dhéantar leis an Rialachán seo difear do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 le haghaidh na bliana 2022, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2022,

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 608.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Samhain 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn II, cuirtear an méid a leanas in ionad an cholúin don bhliain féilire 2022:

| “Bliain féilire | 2022 |
|---|---|
| an Bheilg | 471 996 |
| an Bhulgáir | 797 255 |
| an tSeicia | 848 107 |
| an Danmhairg | 783 029 |
| an Ghearmáin | 4 522 439 |
| an Eastóin | 193 576 |
| Éire | 1 186 282 |
| an Ghréig | 1 796 193 |
| an Spáinn | 4 797 439 |
| an Fhrainc | 6 726 426 |
| an Chróit | 403 228 |
| an Iodáil | 3 628 529 |
| an Chipir | 47 648 |
| an Laitvia | 319 140 |
| an Liotuáin | 578 515 |
| Lucsamburg | 33 432 |
| an Ungáir | 1 305 715 |
| Málta | 5 244 |
| an Ísiltír | 609 775 |
| an Ostair | 677 582 |
| an Pholainn | 3 391 233 |
| an Phortaingéil | 685 528 |
| an Rómáin | 1 919 363 |
| an tSlóivéin | 131 530 |
| an tSlóvaic | 396 034 |
| an Fhionlainn | 517 532 |
| an tSualainn | 685 904” |

(2) in Iarscríbhinn III, cuirtear an méid a leanas in ionad an cholúin don bhliain féilire 2022:

| “Bliain féilire | 2022 |
|---|---|
| an Bheilg | 472,0 |
| an Bhulgáir | 799,0 |
| an tSeicia | 847,1 |
| an Danmhairg | 782,3 |

| | |
|---|---|
| an Ghearmáin | 4 522,4 |
| an Eastóin | 193,6 |
| Éire | 1 186,3 |
| an Ghréig | 1 980,2 |
| an Spáinn | 4 856,0 |
| an Fhrainc | 6 726,4 |
| an Chróit | 403,2 |
| an Iodáil | 3 623,1 |
| an Chipir | 47 6 |
| an Laitvia | 318,9 |
| an Liotuáin | 578,5 |
| Lucsamburg | 33 4 |
| an Ungáir | 1 275,5 |
| Málta | 5,2 |
| an Ísiltír | 609,7 |
| an Ostair | 677,6 |
| an Pholainn | 3 376,7 |
| an Phortaingéil | 685,6 |
| an Rómáin | 1 919,4 |
| an tSlóivéin | 131,5 |
| an tSlóvaic | 394,5 |
| an Fhionlainn | 517,5 |
| an tSualainn | 685,9” |